



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preas Ráiteas Press Statement

Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, Ráithe 3 2015

LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11.00rn 17 Samhain 2015

Achoimre ar thorthaí ceannlíne

Príomhthorthaí	Ráithe 3 2015	Athrú bliantúil
Fostaithe	1,983,000	+ 56,000
Dífhostaithe	203,000	- 42,500
Sa Lucht Saothair	2,186,000	+ 13,500
Níl sa Lucht Saothair	1,427,300	+ 4,100

Líon na nDaoine i bhFostaíocht

- ◆ Bhí méadú bliantúil i bhfostaíocht arbh ionann é agus 2.9% nó 56,000 sa bhliain chuig an tríú ráithe de 2015, ag tabhairt an líon iomlán i bhfostaíocht go 1,983,000.
- ◆ Ar bhonn choigeartú séasúrach, tháinig méadú 11,600 (+0.6%) ar fhostaíocht sa ráithe. Leanann sé seo ar aghaidh ó mhéadú coigeartaithe séasúraigh de chuid 17,000 (+0.9%) i bhfostaíocht i R2 2015.

Líon na nDaoine Dífhostaithe

- ◆ Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta coigeartaithe go séasúrach ó 9.6% go 9.1% i gcaitheamh na ráithe.
- ◆ Laghdaigh dífhostaíocht faoi 42,500 (-17.3%) sa bhliain go R3 2015, ag tabhairt líon iomlán na ndaoine dífhostaithe go 203,000.
- ◆ Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 6.4% go 5.0% i gcaitheamh na bliana go R3 2015. Ba í dífhostaíocht fhadtéarmach ba chúis le 54.1% den dífhostaíocht iomlán i R3 2015 i gcomparáid le 56.7% bliain roimhe sin agus 58.4% sa tríú ráithe den bhliain 2013.

Lucht Saothair

- ◆ Bhí an líon iomlán daoine sa lucht saothair sa tríú ráithe den bhliain 2015 cothrom le 2,186,000, arb ionann sin agus méadú de chuid 13,500 (+0.6%) i gcaitheamh na bliana. B'ionann an líon daoine nach raibh sa lucht saothair i R3 2015 agus 1,427,300, méadú de chuid 4,100 (+0.3%) i gcaitheamh na bliana.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
T12 X00E
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 4984000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
T12X00E
Ireland

Dublin Office
+353 1 4984000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555



information@csso.ie
www.csso.ie

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise téigh i mbun teagmhála le Edel Flannery ag 021-453 5623 nó Martina O'Callaghan ag 021-453 5491.

Facs 021-453 5492.

R-phost labour@cs0.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

17 Samhain 2015

– CRÍOCH –